

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*  
21 Samhain 2014



An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

---

Clár

### III *Gníomhartha ullmhúcháin*

#### AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tuairim Uimh. 6/2014 (*de bhun Airteagal 325, CFAE*) maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta a bhunú ..... 1

**GA**

---

\* Faoin tagairt C 419 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

---



## III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

## AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

## TUAIRIM UIMH. 6/2014

(de bhun Airteagal 325, CFAE)

**maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta a bhunú**

(2014/C 419/01)

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 325(4) de;

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>;

Ag tabhairt aird ar iarratas Parlaimint na hEorpa ar thuairim ar an togra thuasluaite, a cuireadh faoi bhráid na Cúirte an 16 Iúil 2014;

Ag tabhairt aird ar iarratas na Comhairle ar thuairim ar an togra thuasluaite, a cuireadh faoi bhráid na Cúirte an 25 Iúil 2014;

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

### Réamhrá

1. Is ard-stiúrthóireacht den Choimisiún í an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ach feidhmíonn sí go neamhspleách i leith a cuid oibre imscrúdaithe <sup>(2)</sup>. Bíonn OLAF i mbun imscrúduithe riaracháin. Ní údarás breithiúnach ná údarás póilíneachta é an Oifig. Mar sin féin, tá sé de chumhacht ag an Oifig a cuid tuarascálacha a chur go díreach chuig na húdaráis náisiúnta le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta.

2. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2013 i leith, tá imscrúduithe OLAF maidir le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chomhrac, ar gníomhaíochtaí iad lena ndéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais, á rialú le creat dlíthiúil a ndearnadh athchóiriú air i bpáirt <sup>(3)</sup>. Tháinig Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 <sup>(4)</sup> (dá ngairtear “Rialachán OLAF” anseo feasta) in ionad dhá Rialachán <sup>(5)</sup> a bhí i bhfeidhm ó 1999, nuair a bunaíodh an Oifig.

<sup>(1)</sup> COM(2014) 340 final an 11 Meitheamh 2014.

<sup>(2)</sup> Cinneadh 1999/352/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999 ag bunú na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) (IO L 136, 31.5.1999, lch. 20).

<sup>(3)</sup> Chun dul i mbun imscrúduithe, ní fhéadfaidh an Oifig brath ar Rialachán nua OLAF amháin. Fiú tar éis an athchóirithe a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2013, tá gá le bunús bhreise dlí chun an chumhacht chun imscrúduithe a dhéanamh i gcásanna sonracha a thabhairt don Oifig, i gcás imscrúduithe seachtracha sna Ballstáit agus i gcás imscrúduithe inmheánacha laistigh d’institiúidí, de chomhlachtaí, d’oifigí agus de ghníomhaireachtaí an Aontais, e.g. Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus i gcoinne mírialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 136, 31.5.1999, lch. 1) agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 136, 31.5.1999, lch. 8).

3. Leis an togra ón gCoimisiún, arb é ábhar na Tuairime seo é, táthar ag iarraidh treisiú leis na ráthaíochtaí nós imeachta atá ann do dhaoine atá faoi imscrúdú (dá dtagraítear i Rialachán OLAF mar “daoine lena mbaineann” <sup>(1)</sup>). Molann an Coimisiún go mbunófaí Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta (dá ngairtear “an Rialaitheoir” anseo feasta), a mbeadh dhá fheidhm aige:

- (a) gearáin a dhéanfaidh na daoine lena mbaineann maidir le sárúithe líomhnaithe ar na ráthaíochtaí nós imeachta dá bhforáiltear i Rialachán OLAF a athbhreithniú agus moltaí neamhcheangailteacha a thabhairt d’Ard-Stiúrthóir OLAF i leith na ngearán sin;
- (b) údarú a thabhairt do OLAF cigireacht a dhéanamh ar oifig ghairmiúil chomhalta d’institiúid AE in áitreabh institiúide AE le linn imscrúdaithe inmheánaigh nó cóipeanna a dhéanamh de dhoiciméid nó d’aon tacaíocht sonraí atá san oifig sin.

4. Faoin togra ón gCoimisiún, ceapfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, de chomhthoil a chéile, an Rialaitheoir agus a ionadaí agus rachaidh siad i mbun a gcuid feidhmeanna ar bhealach iomlán neamhspleách.

5. Rinne an Chúirt measúnú ar an togra ón gCoimisiún i bhfianaise na moltaí a rinne sí i dTuairim Uimh. 6/2011 <sup>(2)</sup> agus Uimh. 8/2012 <sup>(3)</sup> ar bhonn na mbarúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta Uimh. 2/2011 maidir le bainistiú na hOifige <sup>(4)</sup>. Ó tharla go bhfuil athchóiriú 2013 á chur chun feidhme go fóill, agus dá bhrí sin nach bhfuil ach taithí teoranta go leor ann faoi na rialacha nua, bhí sé róluath fós don Chúirt an tionchar atá ag na rialacha nua ar oibríochtaí OLAF a chur san áireamh sa Tuairim seo.

### ***Rialú neamhspleách ar dhlíthiúlacht na n-imscrúduithe sin de chuid OLAF atá ar bun***

6. Tráth a ndeachthas i gcomhairle léi faoin togra ón gCoimisiún in 2011 lena leasófaí Rialachán OLAF, tharraing an Chúirt aird ar an gá atá ann rialú neamhspleách a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na n-imscrúduithe sin de chuid OLAF atá ar bun <sup>(5)</sup>. Le go mbeadh an rialú sin éifeachtach, caithfidh comhlacht nó duine atá neamhspleách ó OLAF agus a bhfuil an chumhacht aige tuairimí ceangailteacha a eisiúint é a chur i gcrích. Ag an am, mhol an Chúirt post a chruthú d’oifigeach athbhreithniúcháin, agus mhol sé nár chóir gurb é Ard-Stiúrthóir OLAF a cheapadh é agus nár cheart dó bheith faoi réir a údaráis <sup>(6)</sup>.

7. Is díol sásaimh don Chúirt, go ráthófaí, faoin togra reatha ón gCoimisiún, neamhspleáchas an Rialaitheora ar OLAF trí phróiseas idir-institiúideach chun é a cheapadh, agus, más gá, é a scaoileadh óna dhualgais. Ba mhór an chéim chun cinn é an fheidhm rialaithe seachtrach sin a thabhairt isteach, suas leis an nós imeachta rialaithe atá ann cheana maidir leis na himscrúduithe aonair atá ar bun, ar sásra inmheánach amach is amach é <sup>(7)</sup>.

8. Molann an Coimisiún, in Airteagal 9c(1) den dréacht-rialachán, gur chóir d’iarrthóirí don phost mar Rialaitheoir agus mar ionadaí air bheith “cuícháilithe”. Molann an Chúirt go bhforálfai sa rialachán go roghnófar an Rialaitheoir agus ionadaí air as measc daoine nach bhfuil amhras ar bith ann maidir lena neamhspleáchas agus a bhfuil na cáilíochtaí a éilítear acu lena gceapadh d’oifig bhreithiúnach.

9. **Molann an Chúirt** go bhfeabhsófar neamhspleáchas an Rialaitheora tuilleadh. Contrártha leis an méid a moladh in Airteagal 9c(1) den dréacht-rialachán, níor cheart go mbeadh an Rialaitheoir nó a rúnaíocht ag gabháil leis an gCoimisiún ó thaobh riaracháin de, ná le haon institiúid eile ag a bhfuil baint lena cheapachán. Ba cheart go sannfaí foireann leordhóthanach don Rialaitheoir ionas go mbeadh sé in ann a chuid cúraimí a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach. Ba cheart leithreasuithe don Rialaitheoir agus a rúnaíocht a chur isteach faoi líne shonrach buiséid.

### ***Raon feidhme idirghabhála an Rialaitheora ina cháil chomhairleach***

10. I dTuairim Uimh. 6/2011, léirigh an Chúirt go bhfuil gá ar leith le rialú ar ghníomhartha imscrúdaithe atá ar bun i gcásanna nuair nach gcuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann go bhfuil siad faoi imscrúdú, agus é mar aidhm a áirithiú go gcoinneofar an t-imscrúdú faoi rún. Déantar foráil sa togra reatha ón gCoimisiún le hidirghabháil éigeantach ón Rialaitheoir i gcásanna ina bhfuil an duine lena mbaineann ar an eolas go bhfuil sé faoi imscrúdú agus ina bhfuil gearán déanta aige i ndáil le bearta a glacadh mar pháirt den imscrúdú.

<sup>(1)</sup> De réir Airteagal 2(5) de Rialachán OLAF, ciallaíonn “duine lena mbaineann” aon duine nó aon oibritheoir eacnamaíoch a bhfuil amhras ann go ndearna sé calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais, ar duine nó oibritheoir é a bheadh faoi réir imscrúdaithe arna dhéanamh ag an Oifig dá bhrí sin.

<sup>(2)</sup> IO C 254, 30.8.2011, lch. 1.

<sup>(3)</sup> IO C 383, 12.12.2012, lch. 1.

<sup>(4)</sup> IO C 124, 27.4.2011, lch. 9.

<sup>(5)</sup> Féach mír 15 agus mír 37-40 de Thuairim Uimh. 6/2011.

<sup>(6)</sup> Mhol an Chúirt ní hamháin gur chóir go mbeadh dualgas ar an oifigeach athbhreithniúcháin atá beartaithe tuairimí ceangailteacha a chur in iúl ar iarratas na ndaoine atá i gceist, ach gur chóir go gcumhachtófaí dó tuairimí den sórt sin a eisiúint i ngach cás ina bhforáilann Ard-Stiúrthóir OLAF d’aistriú eolais chuig na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó nuair a mhaireann imscrúduithe ar feadh níos mó ná dhá bhliain.

<sup>(7)</sup> De bhun Airteagal 17(7) de Rialachán OLAF, tá sé de cheanglas ar Ard-Stiúrthóir OLAF nós imeachta inmheánach comhairliúcháin agus rialaithe a chur ar bun, lena n-áirítear seiceáil ar an dlíthiúlacht.

11. Ní féidir leis an Rialaitheoir, áfach, idirghabháil a dhéanamh ar a thionscnamh féin i gcásanna nár cuireadh an duine lena mbaineann ar an eolas faoin imscrúdú. Faoi Airteagal 9 den Rialachán OLAF scaoiltear an Oifig, faoi choinníollacha áirithe, óna hoibleagáid an duine lena mbaineann a chur ar an eolas go bhfuil sé faoi imscrúdú, agus ón oibleagáid deis a thabhairt don duine lena mbaineann a thuairimí a thabhairt ar fhírí a bhaineann leis sula ndéantar conclúidí a thagraíonn dó faoina ainm a tharraingt suas. Mar thoradh air sin, faoin togra ón gCoimisiún, ní bheadh an Rialaitheoir in ann idirghabháil a dhéanamh sna cásanna uile ina gcuirtear na ráthaíochtaí nós imeachta is tábhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 9 ar fionraí le linn imscrúdaithe.

12. Teorainn eile ar raon feidhme idirghabháil an Rialaitheora, faoin togra ón gCoimisiún, ná nach mbainfeadh sé ach le comhlíonadh na ráthaíochtaí nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9 den Rialachán OLAF. Mar sin féin, tá forálacha in airteagail eile den Rialachán (mar shampla in Airteagal 10, an oibleagáid ar an Ard-Stiúrthóir a áirithiú go bhfuil faisnéis a bhaineann le cas a chuirtear ar fáil don phobal neodrach agus neamhchlaonta) a fhéadfaidh tionchar tromchúiseach a bheith acu ar chearta an duine lena mbaineann mura gcomhlíontar iad. Thairis sin, tá riosca ann go mbeidh tionchar ag bearta imscrúdaithe OLAF ar chearta daoine nádúrtha nó oibreoirí eacnamaíocha nach meastar mar dhaoine bainteacha iad ach a bhfuil naisc eile acu le cásanna faoi imscrúdú, mar shampla tá siad á gceistiú mar fhinnéithe.

13. **Molann an Chúirt** gur cheart go gcumhachtófaí don Rialaitheoir baint le haon sárú líomhnaithe ar chearta bunúsacha agus ar ráthaíochtaí nós imeachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais Eorpaigh i ndáil le himscrúdaithe leanúnacha OLAF. I gcásanna ina maolaíonn an Oifig óna hoibleagáid duine a chur ar an eolas go bhfuil imscrúdú ar siúl, ba cheart go mbeadh sé de cheangal ar an Ard-Stiúrthóir comhairle a lorg ón Rialaitheoir.

#### **Réamhúdarú do bhearta imscrúdaithe áirithe ag an Rialaitheoir**

14. Is díol sásaimh don Chúirt nach mór d'Ardstiúrthóir OLAF, faoin togra ón gCoimisiún, údarú a fháil ón Rialaitheoir ar dtús nuair a bheartaíonn an Oifig a cumhacht a fheidhmiú chun cigireacht a dhéanamh ar oifig ghairmiúil comhalta de chuid institiúid AE ag an áitreabh sin le linn imscrúdú inmheánach, nó chun cóipeanna a dhéanamh de dhoiciméid nó d'aon tacaíocht sonraí atá suite san oifig sin.

15. De réir an Choimisiúin, ba cheart don Rialaitheoir measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an bhirt imscrúdaithe atá beartaíte ag OLAF agus fáil amach an bhféadfadh an sprioc céanna a bhaint amach ar dhóigh nach mbeadh chomh hionrach céanna. I bhfianaise phrionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne, tá an Chúirt lánchinnte gur cheart go mbeadh gá le measúnú den sórt sin ní amháin i gcás comhaltaí institiúidí an Aontais Eorpaigh ach i gcás fhoireann an Aontais Eorpaigh nó oibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú <sup>(1)</sup>.

16. Seachas cigireacht a dhéanamh ar oifig ghairmiúil, d'fhéadfadh cásanna eile teacht chun cinn le linn imscrúdaithe OLAF a d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith acu ar chearta na ndaoine lena mbaineann, go háirithe aistriú faisnéise faoin duine lena mbaineann chuig na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó an neamhchinnteacht a thagann chun cinn mar gheall ar imscrúdú ar feadh tréimhse fada.

17. **Molann an Chúirt** gur cheart go bhfaighfí i gcónaí réamhúdarú scríofa ón Rialaitheoir i gcás ina mbeartaíonn an Oifig seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh. **Molann an Chúirt** gur cheart go mbeadh réamhúdarú den sórt sin riachtanach i gcásanna

- (a) ina mbeartaíonn Ard-Stiúrthóir OLAF, de bhun Airteagal 4(6) den Rialachán OLAF, foráil faisnéise don Institiúid a bhfuil an duine lena mbaineann ina chomhalta ann a chur siar;
- (b) ina mbeartaíonn OLAF, de bhun Airteagal 9(4) den Rialachán OLAF, conclúidí a tharraingt suas ina ndéanfar tagairt do dhuine lena mbaineann faoina ainm sula dtabharfar deis don duine sin a thuairimí a thabhairt ar fhírí a bhaineann leis;
- (c) ina bhfuil aistriú faisnéise faoi dhuine lena mbaineann chuig na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha á shamhlú ag OLAF;
- (d) ina mbeartaíonn OLAF imscrúdú a fhadú thar tréimhse atá níos faide ná dhá bhliain.

18. Thairis sin, **molann an Chúirt** gur cheart go sonrúfaí sa Rialachán OLAF gur gníomhartha iad na cásanna thuasluaite a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar dhuine lena mbaineann. Dá gcuirfí foráil den sórt sin isteach bheadh an duine lena mbaineann in ann, dá mbeadh gá leis, iarratas a chur faoi bhráid chúirteanna an Aontais Eorpaigh go nglacfaí bearta cosanta eatramhacha. Is é tuairim na Cúirte go ndéanfaidh sin dlíthiúlacht imscrúdaithe OLAF a ráthú agus go gcosnódh sin cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann siad.

<sup>(1)</sup> I gcomhréir leis na forálacha agus nósanna imeachta atá leagtha síos faoi Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, d'fhéadfadh OLAF seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar áitreabh oibreoirí eacnamaíocha.

**Conclúid**

19. Is fíorthábhachtach don Chúirt cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus an comhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe agus gníomhaíochta neamhdhleathaí eile. Chun go mbeidh muinín an phobail in institiúidí an Aontais agus dea-rialachas bunúsach ann, éilítear an méid sin ar a laghad. Chun go mbeidh seo indéanta, is réamhriachtanas é go mbeidh OLAF láidir agus éifeachtach ann, agus ní mór d'aon athchóiriú a áirithiú go gcoimeádfar agus go bhfeabhsófar an láidreacht sin, agus nach ndéanfar dochar dó.

20. Tá cosaint chearta an duine aonair, agus dá bhrí sin ráthaíochtaí láidre nós imeachta do dhaoine atá faoi imscrúdú ag OLAF, den bhuntábhacht. Léiríonn taithí gur féidir dochar tromchúiseach a dhéanamh do ghníomh imscrúdaithe lena bhfuil údar maith mar gheall ar chosaintí atá neamh-leordhóthanacha chun cearta aonair a urramú.

21. Ní hamháin go gcuireann urraim iomlán do chearta aonair le dintiúir OLAF mar chomhlacht an Aontais Eorpaigh a chomhlíonann an gá lánurraim a thabhairt ar an smacht reatha, ach atá ríthábhachtach freisin do bhunéifeachtacht imscrúduithe OLAF. Beartaítear éifeachtacht den sórt sin a fheabhsú leis na leasuithe a mhol an Chúirt sa Tuairim seo.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Deireadh Fómhair 2014.

*Don Chúirt Iniúchóirí*  
Vitor Manuel da SILVA CALDEIRA  
*Uachtarán*

---



ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**  
2985 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

**GA**